M.22T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2003**

**STAIR - ARDLEIBHÉAL**

(400 marc)

**DÉ MÁIRT - 10 MEITHEAMH - IARNÓIN, 2.00 go dtí 5.20**

---

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II). Tá na ceisteanna go léir ar chómharc.**

---

**THALL →**

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna, **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. An saol in Éirinn c. 1500**
Déan plé ar na difríochtaí idir an saol mar a bhí in Éirinn na nGael agus mar a bhí sa Pháil.
(80)

**A.2. Buitléirigh Urmhumhan**
Scrúdaigh an pháirt a bhí ag Buitléirigh Urmhumhan i gcúrsaí na hÉireann suas go dtí bás Anraí VIII sa bhliain 1547.
(80)

**A.3. Anraí VIII agus Éire**
Déan trácht ar an gcaidreamh idir Éire agus Anraí VIII sa tréimhse, 1509-1547.
(80)

**A.4. Athruithe i gCúrsaí Creidimh**
Déan plé ar athruithe i gcúrsaí creidimh in Éirinn ó Pharlaimint an Reifirméisin,1536, go dtí bás Éadbhard VI sa bhliain 1553.
(80)

**A.5. Máire Túdar, 1553-1558**
Déan measúnú ar an tionchar a bhí ag réimeas na Banríona Máire Túdar ar Éirinn.
(80)

### B

**B.1. An Frith-Reifirméisean**
Déan plé ar an tuairim gur éirigh cuid mhaith leis an bhFrith-Reifirméisean in Éirinn.
(80)

**B.2. Cumhachtaí na hEorpa agus Éire**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac cumhachtaí na hEorpa i gcúrsaí na hÉireann i réimeas Eilís I.
(80)

**B.3. Plandálacha**
Mínigh na cúiseanna ba chiontach leis an bpolasaí plandáil a dhéanamh i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh i ndeireadh an 16ú haois agus i dtús an 17ú haois agus déan plé ar na torthaí a bhí ar na plandálacha sin.
(80)

**B.4. Aodh Ó Néill, c. 1550-1616**
Tabhair breithmheas ar ghnímhréim Aoidh Uí Néill.
(80)

**B.5. Séamas I, 1603-1625**
Déan trácht ar an bpáirt a bhí ag Séamas I, 1603-1625, i stair na hÉireann.
(80)

### C

**C.1. An Phortaingéil**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac an Phortaingéil sna turais fionnachtana agus i mbunú coilíneachtaí, sa 15ú haois agus sa 16ú haois.
(80)

**C.2. Louis XI, 1461-1483**
Déan trácht ar an tábhacht a bhaineann le réimeas Louis XI, 1461-1483, i stair na Fraince.
(80)

**C.3. Flórans**
Déan plé ar an tábhacht a bhain le Flórans i Renaissance na hIodáile.
(80)

**C.4. Renaissance an Tuaiscirt**
Mínigh na slite éagsúla ina raibh difríocht idir Renaissance an Tuaiscirt agus Renaissance na hIodáile.
(80)

**C.5. Impireacht na nOtamánach**
"Ag Cath Lepanto,1571, cuireadh stop le breis agus céad bliain de fhorleathnú Otamánach san Eoraip." Déan plé air sin.
(80)

**D**

**D.1. An Reifirméisean sa Ghearmáin**
Déan trácht ar leathadh an Liútaránachais sa Ghearmáin.
(80)

**D.2. Comhairle Trento**
Tabhair breithmheas ar an tábhacht a bhain le Comhairle Trento agus ar na socruithe a rinneadh ann.
(80)

**D.3. Pilib II, 1556-1598**
"I réimeas Philib II a thosaigh meath ag teacht ar an Spáinn mar ollchumhacht." Déan plé air sin.
(80)

**D.4. Cogaí Creidimh san Fhrainc**
" Sa dara leath den séú haois déag i stair na Fraince, ba bheag uair nach raibh achrann de shaghas éigin ar siúl." Déan plé air sin.
(80)

**D.5. An Cogadh Tríocha Bliain**
Déan trácht ar na cúiseanna a bhí leis an gCogadh Tríocha Bliain.
(80)

**E**

**E.1. Éire, 1477-1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hÉireann, 1477 – 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B.**
(56)

**(ii)** Scríobh alt ar an gcaoi a bhfuair tú amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu.
(8)

**(iii)** Ainmnigh do phríomh-fhoinsí agus mínigh cén chaoi ar úsáid tú iad nuair a bhí d'ábhar taighde á ullmhú agat.
(8)

**(iv)** Cés moite de na scileanna a bhaineann le fáil amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu, ainmnigh **DHÁ** scil a d'úsáid tú agus mínigh conas d'úsáid tú iad le linn duit a bheith ag cur críoch le d'ábhar taighde.
(8)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Sir Edward Poynings.
**(ii)** Litríocht i nGaeilge, 1477-1625.
**(iii)** Seán Ó Néill.
**(iv)** Na mná in Éirinn sa 16ú haois.
**(v)** Tráchtáil agus trádáil in Éirinn sa 16ú haois.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1453 – 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hEorpa, 1453-1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D**.
(56)

**(ii)** Scríobh alt ar an gcaoi a fuair tú amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu.
(8)

**(iii)** Ainmnigh do phríomh-fhoinsí agus mínigh cén chaoi ar úsáid tú iad nuair a bhí d'ábhar taighde á ullmhú agat.
(8)

**(iv)** Cés moite de na scileanna a bhaineann le fáil amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu ainmnigh **DHÁ** scil a d'usáid tú agus mínigh conas a d'úsáid tú iad le linn duit a bheith ag cur críoch le d'ábhar taighde.
(8)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Cogaí na hIodáile, 1494- 1559.
**(ii)** Jean Calvin.
**(iii)** Diúcacht Mhoscú.
**(iv)** Teangacha dúchasacha agus litríocht sna teangacha sin sa 16ú haois.
**(v)** Conquistadores na Spáinne.
(80)

**THALL→**

# CÚRSA II

## Sibhialtacht na Linne Seo

## (Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

## A

**A.1. Ceist na Talún**

"Rinne na Coimeádaigh níos mó ná na Liobrálaigh chun 'ceist na talún' a réiteach i rith na tréimhse, 1870-1914."
Déan plé air sin.

(80)

**A.2. Butt agus Parnell**

"Thóg sé réadúlacht, smacht agus ceannaireacht Pharnell chun críoch a chur leis an obair a thosaigh Butt."
Déan plé air sin.

(80)

**A.3. Aontachtas Uladh**

Déan plé ar an bpáirt a bhí ag Aontachtas Uladh i gcúrsaí na hÉireann agus ar an tionchar a bhí ag an Aontachtas ar na cúrsaí sin, 1885-1920.

(80)

**A.4. Náisiúnachas Cultúrtha**

Déan measúnú ar an mbaint a bhí ag na gluaiseachtaí éagsúla Éire-Éireannach le stair na hÉireann suas go dtí 1916.

(80)

**A.5. Gluaiseacht an Lucht Oibre**

Déan trácht ar fhoinsí agus ar fhás Ghluaiseacht Lucht Oibre na hÉireann suas go dtí 1914.

(80)

## B

**B.1. Geilleagar na hÉireann**

Déan trácht ar an scéal mar a bhí ag geilleagar na hÉireann i rith na tréimhse, 1922- 1948.

(80)

**B.2. Eamon de Valera**

Cé chomh mór is a thóg Eamon de Valera Conradh Angla-Éireannach na bliana 1921 as a chéile i rith na tréimhse, 1932-1948?

(80)

**B.3. Neodracht na hÉireann**

Déan plé ar na fadhbanna a bhí le sárú ag rialtas na hÉireann de bharr a pholasaí neodrachta sna blianta, 1939-1945.

(80)

**B.4. Rialtais na hÉireann, 1948-1966**

Cé chomh maith agus a d'éirigh leis na rialtais a bhí in Éirinn sa tréimhse,1948-1966, agus iad ag plé leis na dúshláin a bhí le sárú ag an tír sa tréimhse sin?

(80)

**B.5. Tuaisceart Éireann**

Déan trácht ar stair Thuaisceart Éireann i rith na tréimhse, 1920-1966.

(80)

## C

**C.1. An Caidreamh idir an Eaglais agus an Stát, 1870-1914**

Déan trácht ar an gcaidreamh idir an Eaglais agus an Stát i rith na tréimhse, 1870-1914, in DHÁ cheann de na tíortha seo a leanas: an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil.

(80)

**C.2. An Bhreatain Mhór, 1870-1914**

Rianaigh na leasuithe a achtaíodh sa Bhreatain Mhór i rith na tréimhse, 1870-1914, i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí sóisialta agus i gcúrsaí eacnamaíochta.

(80)

**C.3. An Fhrainc, 1870-1914**

Déan trácht ar na dúshláin a bhí le sárú ag Tríú Poblacht na Fraince i rith na tréimhse, 1870-1914, agus ar na rudaí a cuireadh i gcrích sa tréimhse chéanna.

(80)

**C.4. An Chéad Chogadh Domhanda**

"Ba líonmhar agus ba chasta iad na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda." Déan plé air sin.

(80)

**C.5. An Rúis, 1917- 1924**

Mínigh na tarlachtaintí sa Rúis ó Réabhlóid na mBoilséiveach, Deireadh Fómhair 1917, suas chomh fada le bás Lenin i Márta na bliana 1924.

(80)

**D**

**D.1. Conradh na Náisiún**
Déan trácht ar fhoinsí agus ar aidhmeanna Chonradh na Náisiún agus scrúdaigh stair an Chonartha i rith na tréimhse, 1920-1939.
(80)

**D.2. An Ghearmáin faoi cheannas Weimar**
Déan trácht ar stair Phoblacht Weimar, 1919-1933, agus aird ar leith á thabhairt agat ar ghéarchéimeanna polaitíochta, ar fhadhbanna eacnamaíochta agus ar éachtanna i gcúrsaí cultúrtha.
(80)

**D.3. Benito Mussolini**
Déan anailís ar an bpáirt a ghlac Benito Mussolini i stair na hIodáile.
(80)

**D.4. An tAontas Sóivéideach, 1953-1966**
Déan anailís ar fhorbairtí san Aontas Sóivéideach ó bhás Stalin, 1953, go dtí an bhliain 1966.
(80)

**D.5. Aontacht Eorpach**
Mínigh na hiarrachtaí a rinneadh Aontacht Eorpach a bhunú sna blianta, 1945 go 1966.
(80)

**E**

**E.1. Éire, 1868 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hÉireann, 1868-1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B**.
(56)

**(ii)** Scríobh alt ar an gcaoi a bhfuair tú amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu.
(8)

**(iii)** Ainmnigh do phríomh-fhoinsí agus mínigh cén chaoi ar úsáid tú iad nuair a bhí d'ábhar taighde á ullmhú agat.
(8)

**(iv)** Cés moite de na scileanna a bhaineann le fáil amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu, ainmnigh **DHÁ** scil a d'úsáid tú agus mínigh conas a d'úsáid tú iad le linn duit a bheith ag cur críoch le d'ábhar taighde.
(8)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Forbairtí i gcúrsaí talmhaíochta in Éirinn, 1868-1920.
**(ii)** Seán Mac Réamoinn.
**(iii)** Ruairí Mac Easmainn.
**(iv)** An Cogadh Cathartha in Éirinn, 1922-1923.
**(v)** Mar a bhí ag an nGaeilge, 1920-1966.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1870 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hEorpa, 1870-1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D**.
(56)

**(ii)** Scríobh alt ar an gcaoi a bhfuair tú amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu.
(8)

**(iii)** Ainmnigh do phríomh-fhoinsí agus mínigh cén chaoi ar úsáid tú iad nuair a bhí d'ábhar taighde á ullmhú agat.
(8)

**(iv)** Cés moite de na scileanna a bhaineann le fáil amach cén sórt foinsí a bhí ag teastáil uait, conas a fuair tú eolas, cá raibh na foinsí agus mar a tháinig tú orthu, ainmnigh **DHÁ** scil a d'úsáid tú agus mínigh conas a d'úsáid tú iad le linn duit a bheith ag cur críoch le d'ábhar taighde.
(8)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** An Sóisialachas san Eoraip, 1870-1914.
**(ii)** Frith-Sheimíteachas san Eoraip, 1870-1966.
**(iii)** An Fhrainc agus an Dara Cogadh Domhanda.
**(iv)** Konrad Adenauer.
**(v)** Díchoilíniú - An Eoraip ag tarraingt siar as impireachtaí thar sáile - suas go dtí 1966.
(80)